# **Tuairiscí chun dáta ar an gcuraclam a thabhairt do thuismitheoirí**
(3-6 bliana d'aois)

AistearSíolta
Treoir Chleachtais

Nuair a thugtar tuairiscí chun dáta do thuismitheoirí ar chuid suimeanna agus eispéireas a leanaí sa suíomh, spreagtar iad chun a bheith gníomhach ina gcuid forbartha agus foghlama. Cuireann a leithéid de thuairiscí ar chumas tuismitheoirí cur leis an gcuraclam chomh maith. Cabhróidh *Teimpléad Tuairiscí chun Dáta ar an gCuraclam* (l. 3) leat chun eolas ar an gcuraclam a roinnt le tuismitheoirí.

## Úsáid a bhaint as an teimpléad

Is bealach iontach é clár fógraí a chur lasmuigh de do sheomra leis an eolas is déanaí ar an gcuraclam a roinnt le tuismitheoirí. Is féidir an teimpléad sin a úsáid le tuairiscí chun dáta ar an gcuraclam a chruthú le cur ar taispeáint ar an gclár fógraí, mar aon le grianghraif agus líníochtaí.

**1. Túsphointe:** Úsáid an bosca seo le fiosrúchán nó suim a nochtadh a bhreacadh síos **go hachomair**. Tá sampla ann ar leathanach 2.

**2. An chéad rud eile a rinneamar:** Úsáid an bosca seo le smaointe a bhreacadh síos go sciobtha maidir leis an gcaoi **a bhféadfadh** an tsuim sin teacht chun cinn, bunaithe ar bhreathnóireachtaí nó comhráite, an t-eolas atá agat ar leanaí, agus suimeanna eile a bhí acu. Cuirtear leis an tuairisc chun dáta de réir mar a fhásann an tsuim. Breac síos an lá nó an dáta a gcuirtear rudaí nua leis an teimpléad.

**3. Acmhainní:** Úsáid an bosca seo le haon iarratais ar ábhair ón mbaile a bhreacadh síos, agus arís, breac síos an lá nó an dáta freisin.

**4. Tuairiscí chun dáta ar ar tharla agus ar féidir linn a dhéanamh anois:** Úsáid an bosca seo le tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas faoi 'scéal' an fhiosrúcháin.

**5. Tuairimí Tuismitheoirí:** Féadann tuismitheoirí a dtuairimí a thaifead sa bhosca seo.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, d'fhéadfaí an tuairisc chun dáta ar an gcuraclam a chur leis an Dialann GrúpFhoghlama, más maith leat, lena léiriú cén chaoi ar tháinig an tsuim chun cinn agus cén chaoi ar fhreagair na cleachtóirí dí d'fhonn foghlaim agus forbairt na leanaí a leathnú. D'fhéadfaí líníochtaí agus grianghraif de chuid na leanaí agus nótaí de chuid na gcleachtóirí a chur leis an dialann. D'fhéadfaí tuismitheoirí a spreagadh chun breathnú ar an dialann agus an tuairisc chun dáta a nascadh le téamaí de chuid *Aistear*.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

# Sampla de Thuairisc chun Dáta ar an gCuraclam

AistearSíolta
Treoir Chleachtais

**Grúpa** Réamhscoil

**Dáta** LL/MM/BB 20/04/2014

## 1. An túsphointe (cur síos ar an rud a spreag an tsuim nó grianghraf de)

D'inis Shane dúinn faoina thuras chuig an trá inné agus faoina bhfaca sé. Bhí leanaí eile ag tránna eile. D'inis Órlaith dúinn faoin Spáinn.

## 2. An chéad rud eile a rinneamar

Dé Luain: Déanfaimid an bosca gainimh a shíneadh agus úsáidfimid an linn lapadaíola. Tá roinnt leabhar againn faoin trá.
Dé Céadaoin: Táimid chun breathnú ar eitleoga. D'inis Darragh dúinn faoi fhear a chonaic sé in eitleog (faoileoir crochta) agus rachaimid sa tóir ar ghrianghraif a bhaineann leis an bhfaoileoireacht chrochta. Déanfaimid iarracht ár n-eitleog féin a dhéanamh agus tá súil againn go mbeidh sé gaofar faoi dheireadh na seachtaine!

## 3. Acmhainní

Aon bhuicéid agus spáda le spáráil?
Aon rud eile a bhfuil baint aige leis an trá? Adhmad raice... Sliogáin...
*An bhfuil a fhios ag aon duine conas eitleog a dhéanamh? An mbeadh leathuair an chloig agat*
*lena thaispeáint dúinn?*
*Aon eitleoga sa bhaile?*

## 4. Tuairiscí chun dáta ar ar tharla agus ar ar féidir linn a dhéanamh anois

Dé Máirt: A bhuíochas d'athair Darragh as insint dúinn faoin eitleog... Dearmad glan déanta de ghaineamh agus uisce; níl uathu anois ach gaoth agus uisce!
Dé Céadaoin: Chuireamar sraoilleáin ar bhata agus bhreathnaíomar ar an treo a bhí an ghaoth ag séideadh.
Déardaoin: Dúirt Danika go ndéanann triomadóir gruaige gaoth agus fuair sí ceann a mamaí ar iasacht chun é sin a thaispeáint dúinne.
Aoine: D'inis Órlaith dúinn faoi roinnt feananna a chonaic sí sa Spáinn agus thug isteach iad.

## 5. Tuairimí tuismitheoirí

Ba bhreá le Shane an fheamainn... Bhí an-spraoi go deo aige ag tarraingt píosa fada san uisce agus ar an ngaineamh.
Cheap Darragh go raibh an leoithne go hiontach agus chuireamar mála plaisteach ar bhata le 'heitleog' a dhéanamh.



NCCA An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta National Council for Curriculum and Assessment
An Roinn Oideachais agus Scileanna Department of Education and Skills
An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige Department of Children and Youth Affairs

# Teimpléad le haghaidh Tuairiscí chun Dáta ar an gCuraclam

AistearSíolta
Treoir Chleachtais

**Grúpa**

**Dáta** LL/MM/BB

**1. An túsphointe** (cur síos ar an rud a spreag an tsuim nó grianghraf de)

**2. An chéad rud eile a rinneamar**

**3. Acmhainní**

**4. Tuairiscí chun dáta ar ar tharla agus ar ar féidir linn a dhéanamh anois**

**5. Tuairimí tuismitheoirí**



NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

An Roinn Leanaí agus Gnóthaí Óige
Department of Children and Youth Affairs